An Roinn Sláinte
Department of Health

# SCÉIM NA ROINNE SLÁINTE

## FAOI ALT 15
## D'ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

## 2021- 2023

# CLÁR AN ÁBHAIR


**Caibidil 1 Réamhrá** **1**

1.1 Cúlra
1.2 Ullmhú na Scéime Teanga agus Comhairliúchán
1.3 Ábhar na Scéime **2**
1.4 Dáta Tosaithe na Scéime

**Caibidil 2 Forléargas ar an Roinn Sláinte** **2**

2.1 Ról agus Príomhfheidhmeanna na Roinne
2.2 Ráiteas Straitéise 2021 - 2023 **3**
2.3 Clár an Rialtais agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 **4**

**Caibidil 3 Feabhsú na seirbhísí a chuirfear ar fáil go dátheangach** **4**

3.1 Óráidí agus Preaseisiúintí
3.2 Cuntas meán sóisialta
3.3 Suíomh gréasáin
3.4 Comhfhreagras **5**
3.5 Ríomhphost
3.6 Stáiseanóireacht
3.7 Bileoga Faisnéise/Foirmeacha Iarratais agus Doiciméid eile **6**
3.8 Fáiltiú/Aonad na Seirbhísí Corparáideacha
3.9 Cumarsáid ar an Teileafón
3.10 Feasacht ar an nGaeilge agus Oiliúint & Forbairt

**Caibidil 4 Monatóireacht agus Athbhreithniú** **7**

**Caibidil 5 Inniúlacht sa Ghaeilge** **7**

**Caibidil 6 Poibliú na Scéime Comhaontaithe** **8**

# Caibidil 1 - Réamhrá

## 1.1 Cúlra

Le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tugtar creat reachtúil do sheirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

Foráiltear le hAlt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonrófar na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- trí mheán na Gaeilge amháin
- trí mheán an Bhéarla amháin, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil á cur ar fáil i nGaeilge ag an gcomhlacht faoi láthair a chur ar fáil i nGaeilge amach anseo laistigh de thréimhse atá le comhaontú.

## 1.2 Ullmhú na Scéime Teanga agus Comhairliúchán

Ullmhaíodh an scéim seo de réir na d*Treoirlínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*. Is é is aidhm leis an scéim seo leanúint ar aghaidh ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir le seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí a labhraíonn Gaeilge, dul chun cinn a rinneadh faoin gcéad scéim teanga de chuid na roinne Sláinte a tugadh isteach in 2009 agus a cuireadh chun cinn tuilleadh sa scéim teanga ina dhiaidh sin arna comhaontú ag an Roinn Sláinte don tréimhse 2015-2018.

Is é rún na Roinne go gcuirfí le raon na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge le linn shaolré na scéime. Lena chinntiú go bhfreastalófar ar an éileamh ar na seirbhísí seo ar bhealach pleanáilte, ciallmhar agus inrochtana, déanfar measúnú leanúnach ar leibhéil an éilimh sin trí iniúchtaí a dhéanamh ar bhonn rialta agus uainithe ar líon na gceisteanna agus na n-iarratas maidir le seirbhísí trí Ghaeilge.

Leis an scéim nua seo freisin, cuirtear leis na prionsabail um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus leanfar dá chinntiú go n-éascaítear le daoine a dteastaíonn uathu a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Caithfear comhthéacs reatha na seirbhíse poiblí a chur san áireamh, áfach, chomh maith leis an mbealach a chuirfidh na srianta ar acmhainní agus ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí isteach ar an dul chun cinn a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis go réalaíoch.

Oibríonn an Roinn i gcomhréir leis an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí trí Ghaeilge bunaithe:

- ar an éileamh bunúsach ar sheirbhísí sonracha i nGaeilge arna gcur ar fáil ag an Roinn féin, seachas ar sheirbhísí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag a bhfuil a Scéim Teanga féin aici do Limistéar an Iarthair a chumhdaíonn soláthar seirbhísí sláinte i nGaeilge sa Ghaeltacht.

- ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige gníomhach i leith sholáthar na seirbhísí seo, agus

- ar na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais atá ag teastáil, agus ar chumas na Roinne an inniúlacht teanga iomchuí a fhorbairt nó a rochtain.

D'fhoilsigh an Roinn fógra faoi Alt 15 den Acht ar an 26 Samhain 2020 ag lorg aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara maidir le hullmhú na dréachtscéime. Fuarthas 3 aighneacht ar fad agus tá na haighneachtaí sin le feiceáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.health.gov.ie). Cuireadh na haighneachtaí sin san áireamh agus an scéim á cur le chéile. Ba mhaith leis an Roinn an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo siúd a ghlac páirt sa phróiseas as a rannchuidiú luachmhar.

### 1.3 Ábhar na Scéime

Leagtar amach sa scéim a mhéid atá seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair agus sainaithnítear inti na réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu amach anseo.

### 1.4 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tiocfaidh sí i bhfeidhm le héifeacht ó -------------- 2021 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh thréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

## Caibidil 2 - Forléargas ar an Roinn Sláinte

Is é cuspóir foriomlán na seirbhíse sláinte, ina bhfuil príomhról ag an Roinn Sláinte, ná feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine mhuintir na hÉireann trí na bealaí seo a leanas:

- daoine a choinneáil sláintiúil
- an cúram sláinte atá de dhíth ar dhaoine a chur ar fáil dóibh
- seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar
- an luach is fearr gur féidir a bhaint as acmhainní an chórais sláinte

### 2.1 Ról agus Príomhfheidhmeanna na Roinne

Is é ról na Roinne Sláinte ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil don tseirbhís sláinte agus cinntiú go gcuirfear beartais an Rialtais don earnáil i ngníomh agus go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach iad.

Tacaímid leis an Aire agus leis an Aire Stáit agus beartas Rialtais á chur chun feidhme acu agus le linn dóibh na dualgais Rialtais, Pharlaiminte agus Roinne atá orthu a chomhlíonadh.

Is é atá i gceist leis an ról sin ná dul i dteagmháil le húsáideoirí seirbhísí agus le páirtithe leasmhara eile, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an tseirbhís sláinte, agus athruithe agus feabhsuithe a stiúradh sa tseirbhís sláinte. Agus an ról seo á chomhlíonadh againn sna trí bliana atá amach romhainn, tabharfaimid aird ar na príomhspriocanna straitéiseacha atá leagtha amach ar leathanach 3. Is iad seo a leanas na bealaí éagsúla a chomhlíonfaimid ár ról:

- Ceannaireacht agus Cumarsáid
- Rialachas agus Cuntasacht Pholaitiúil
- Measúnú Feidhmíochta agus Bainistíocht Faisnéise
- Athbhreithniú Beartais agus Forbairt
- Reachtaíocht
- Modhanna Trasearnála agus Idirnáisiúnta

### 2.2 Ráiteas Straitéise 2021-2023

Sna trí bliana atá amach romhainn, leanfaidh an Roinn Sláinte leis an obair ar fud ár gcúraim leathain chun ár gcroífheidhmeanna a chomhlíonadh. I gcomhthéacs ár gcuid oibre go ginearálta, táthar tar éis roinnt tosaíochtaí straitéiseacha a roghnú ar a ndíreofar ár gcuid oibre comhchoitinne sna trí bliana atá amach romhainn, rud a ligfidh dúinn ár rathúlacht a thomhas.

Is iad seo a leanas Tosaíochtaí Straitéiseacha na Roinne don tréimhse 2021-2023:

1. Covid-19 a bhainistiú agus an tsláinte phoiblí a chur chun cinn
2. Cúram sa phobal a leathnú agus a chomhtháthú
3. Rochtain níos cothroime agus níos tapúla a sholáthar ar chúram sláinte
4. Feabhas a chur ar mhaoirsiú & comhpháirtíocht san earnáil
5. A bheith oiriúnach don todhchaí mar eagraíocht

Roghnaíodh na tosaíochtaí straitéiseacha seo mar fhreagairt ar shláinte, folláine agus riachtanais chúraim sóisialta mhuintir na hÉireann, agus i gcomhthéacs na mórathruithe, móréileamh agus déimeagrafaic atá ann ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Roghnaíodh iad trí anailís a dhéanamh ar chúinsí, trí athbhreithniú agus ailíniú a dhéanamh lenár gcomhthéacs straitéiseach go ginearálta, agus trí chomhairliúchán forleathan a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara. Treisíonn na tosaíochtaí seo na ceangaltais arna leagan amach i gClár an Rialtais agus déanann siad clár oibre Sláintecare a neartú tuilleadh.

Comhlíonann na tosaíochtaí seo na critéir seo a leanas:

- Comhlíonfaidh siad gealltanais arna ndéanamh i gClár an Rialtais
- Cuirfidh siad athchóirithe Sláintecare ar aghaidh
- Tá siad riachtanach i gcomhthéacs COVID-19

- Is tosaíochtaí iad a chaithfidh an Roinn Sláinte, ina ról uathúil, freagra a thabhairt orthu agus ceannaireacht a ghlacadh ina dtaobh.

### 2.3 Clár an Rialtais agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010- 2030

Tá an Roinn ar an eolas faoin ngealltanas i gClár an Rialtais go ndéanfar an Ghaeilge a chothú agus a fhorbairt, ag tabhairt aitheantais ar an nGaeilge mar chéad teanga an Stáit, mar theanga bheo agus mar chuid ríthábhachtach d'oidhreacht an oileáin seo. Tá an Roinn tiomanta freisin do thacaíocht a thabhairt don chur chuige uileghníomhaireachta maidir leis an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn mar a leagtar amach i Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030.

## Caibidil 3 - Feabhas a chur ar na Seirbhísí atá le cur ar fáil go dátheangach

Tá rún daingean ag an Roinn a chinntiú go n-éascaítear, a mhéid is féidir, custaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Leagtar amach sa chaibidil seo na bearta a ghlacfaidh an Roinn thar shaolré an tríú scéim seo d'fhonn cur leis an dul chun cinn a rinneadh ar sheirbhísí dátheangacha a fhorbairt thar thréimhse an dá scéim teanga roimhe sin.

### 3.1 Óráidí agus Preaseisiúintí

Leanfar ar aghaidh le hóráidí nó le ráitis, lena n-áireofar óráidí agus ráitis arna ndéanamh ag Airí i dTithe an Oireachtais, nó óráidí ag feidhmeannaigh shinsearacha, a chur ar fáil sa teanga inar soláthraíodh iad. Cuirfear beannachtaí Gaeilge ag tús agus ag deireadh gach óráide, fiú más i mBéarla atá an chuid eile den óráid. Is óráidí Gaeilge amháin a thabharfar sa Ghaeltacht agus i leith saincheisteanna a bhaineann leis an nGaeltacht.

Foilseoidh an Roinn **gach preaseisiúint** i nGaeilge agus i mBéarla ar a suíomh Gréasáin. Táimid tiomanta do phreaseisiúintí a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla, chomh fada agus is féidir.

### 3.2 Cuntas meán sóisialta

Geallann an Roinn an méid cumarsáide a chuirtear amach go comhuaineach i nGaeilge a mhéadú go 5% den ábhar foriomlán a phostáiltear ar a cuntas meán sóisialta oifigiúil @roinnslainte, roimh dheireadh 2022, go speisialta maidir le teachtaireachtaí tábhachtacha maidir le sláinte phoiblí. Geallann an Roinn an méid seo a mhéadú go 10% den ábhar foriomlán a phostáiltear ar a cuntas meán sóisialta oifigiúil @roinnslainte, roimh dheireadh 2023.

### 3.3 Suíomh Gréasáin

Mar chuid den fhorbairt leanúnach atá á déanamh ar shuíomh gréasáin na Roinne, coimeádfar an ráiteas *'Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge'* ar an suíomh gréasáin agus leanfaimid ar aghaidh leis an **ábhar statach** ar fad a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Cinnteoidh an Roinn gur leathanaigh dhátheangacha a bheidh sna leathanaigh ghréasáin iomchuí go léir atá ar fáil ar phríomhstruchtúr an tsuímh gréasáin www.health.gov.ie; ní gá go n-áireofar leis sin doiciméid nó suíomhanna gréasáin eile atá nasctha leis na leathanaigh seo (Ní iomchuí i gcásanna áirithe leathanach Gaeilge a chur ar fáil, mar shampla, i gcás óráidí, preaseisiúintí, nó scéimeanna a bhaineann go sonrach le grúpa áirithe custaiméirí). I gcás go gcuirtear leagan Gaeilge de bhileoga eolais, bróisiúir agus foilseacháin chorparáideacha ar fáil go comhuaineach, cuirfear ar fáil iad ar shuíomh gréasáin na Roinne; i gcás nach gcuirtear an dá leagan ar fáil go comhuaineach, áfach, foilseoidh an Roinn an dá leagan a luaithe is a bheidh siad ar fáil.

Cuirfear ar fáil go dátheangach ábhar statach suíomhanna gréasáin phoiblí ar bith a bheidh á bhainistiú go díreach ag an Roinn le linn shaolré na scéime seo.

De réir na Roinne, is éard atá i gceist le 'ábhar statach' ná na gnéithe dianseasmhacha seo a leanas den suíomh gréasáin:

- Gnéithe creatlacha den leathanach baile
- Gnéithe creatlacha de na leathanaigh lamairne
- Teidil chreasa
- Brandáil an tsuímh gréasáin

Baineann an gealltanas seo le suíomhanna gréasáin agus ábhar poiblí arna mbainistiú go díreach ag an Roinn - ní dhéantar an gealltanas seo thar ceann suíomhanna gréasáin arna mbainistiú ag gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó suíomhanna gréasáin arna maoiniú go hiomlán nó i bpáirt ag an Roinn.

### 3.4 Comhfhreagras

De réir alt 9(2) den Acht, leanfaidh an Roinn ar aghaidh lena chinntiú go bhfreagrófar comhfhreagras uile, lena n-áirítear ríomhphoist, sa teanga chéanna agus a scríobhtar an comhfhreagras bunaidh.

### 3.5 Ríomhphost

- Tá fógra séanta dátheangach á cur le ríomhphoist amach faoi láthair, agus tagann an leagan Gaeilge roimh an leagan Béarla.

- Tá seoladh Gaeilge agus seoladh Béarla na deisce um sheirbhísí do chustaiméirí sa Roinn nasctha:
  - eolas@health.gov.ie agus customerservices@health.gov.ie

- Geallann an Roinn teachtaireachtaí ríomhphoist "as oifig" a chur ar fáil i nGaeilge. agus i mBéarla ionas gur féidir le húsáideoirí uile iad a úsáid.

### 3.6 Stáiseanóireacht

Tá *'Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge'* le feiceáil i stáiseanóireacht oifigiúil na Príomhroinne, an Ard-Rúnaí, an Phríomh-Oifigigh Mhíochaine, an Aire agus an Aire Stáit. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh leis an ráiteas sin a chur i bhfeidhm ar aon stáiseanóireacht nua.

### 3.7 Bileoga Faisnéise/Foirmeacha Iarratais agus Doiciméid eile

Ní dhéileálann an Roinn le haon iarratais ar sheirbhísí ón bpobal. Is iad Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus comhlachtaí iomchuí eile a phléann le hiarratais ar sheirbhísí. Dá bhrí sin, is annamh a bhíonn Leabhráin Faisnéise agus Foirmeacha Iarratais ina ngné d'obair na Roinne. Leanfar ar aghaidh le bileoga faisnéise nua a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla, áfach.

Ar aon dul le forálacha ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, foilseofar i nGaeilge agus i mBéarla Ráiteas Straitéise, Tuarascálacha Bliantúla **go léir** agus doiciméad ar bith de chuid na Roinne ina leagtar amach tograí maidir le beartas poiblí.

### 3.8 Fáiltiú/Aonad na Seirbhísí Corparáideacha

Tá fáilteoirí agus baill foirne an Aonaid um Sheirbhísí do Chustaiméirí ina gcéad phointí teagmhála na Roinne leis an bpobal mór. Is é beartas na Roinne Sláinte a chinntiú go mbeidh cleachtas caighdeánach na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) i bhfeidhm sa réimse seo ionas go dtarlóidh an méid seo a leanas tráth thosach feidhme na tríú Scéime seo:

- Tabharfaidh baill foirne na Deisce Fáiltithe agus an Aonaid um Sheirbhísí do Chustaiméirí ainm Gaeilge agus ainm Béarla an chomhlachta phoiblí seo.
- Beidh na beannachtaí bunúsacha Gaeilge ar a laghad ar eolas acu;
- Beidh socruithe oiriúnacha i bhfeidhm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann, nuair is féidir é, daoine den phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá á hiarraidh i nGaeilge.

Geallann an Roinn go bhforbróidh sí doiciméad ina gcuimseofar frásaí coitianta agus go gcuirfidh sí an doiciméad sin ar fáil don fhoireann ar fad, go háirithe lena úsáid ag na baill foirne thuasluaite sa chéad bhliain den scéim.

### 3.9 Cumarsáid ar an Teileafóin

Comhlíonfaidh fógraí réamhthaifeadta teileafóin forálacha na rialachán arna ndéanamh ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

### 3.10 Feasacht ar an nGaeilge agus Oiliúint & Forbairt

Mar chuid dá hOiliúint Ionduchtúcháin, cuirfidh an Roinn feasacht ar an nGaeilge san áireamh ina Paca Tionscnaimh d'fhostaithe nua chun a chinntiú go dtuigeann gach ball

foirne nua na dualgais atá air/uirthi i leith seirbhísí dátheangacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Eiseofar fógraí oifige uair sa bhliain chun na dualgais dhlíthiúla atá ar gach ball foirne faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a mheabhrú dóibh.

Baill foirne a bhfuil cumas acu agus atá sásta déileáil le custaiméirí nó le cliaint trí mheán na Gaeilge, tá siad ainmnithe ar inlíon inmheánach na Roinne, HealthNet.

Leanfaidh an Roinn leis an rún leanúnach atá aici oiliúint agus forbairt chuí a chur ar fáil do gach ball foirne, lena n-áireofar oiliúint teanga nuair is cuí, ar mhaithe le lánchumas na mball foirne sin a fhorbairt le linn a ngairmeacha sa Roinn seo.

**Caibidil 4 - Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Ag tosú ag deireadh na chéad bhliana d'fheidhmiú na scéime seo, tabharfar faoi athbhreithnithe bliantúla agus aird ar leith á tabhairt ar dhul chun cinn gach ceann de na ceangaltais arna ndéanamh i gCaibidil 3 den scéim seo.

Déanfaidh Oifig na nOibríochtaí Corparáideacha monatóireacht agus athbhreithniú ar chur chun feidhme na scéime ar bhonn rialta. Is é an tOifigeach Gaeilge atá bunaithe in Oifig na nOibríochtaí Corparáideacha teagmhálaí na scéime.

Is í an ardbhainistíocht laistigh den Roinn atá freagrach as gealltanais na scéime a chur i bhfeidhm ar fud réimsí uile na Roinne.

## Caibidil 5 - Inniúlacht sa Ghaeilge

Ag féachaint do bheartas an Rialtais maidir le soláthar feabhsaithe seirbhísí i nGaeilge, tá an Roinn tar éis roinnt post a shainaithint le cúpla bliain anuas dá bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas agus táthar tar éis foireann a bhfuil Gaeilge acu a earcú agus a cheapadh sna poist seo. Is riachtanach go mbeidh an tOifigeach Gaeilge don Roinn líofa sa Ghaeilge, chomh maith le Gaeilgeoirí inniúla a bheith fostaithe in aonaid éagsúla ar fud na Roinne. Déantar cinnte go gcuirtear oifigigh a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu ag obair in aonaid ina mbeidh a leithéid ag teastáil agus beidh rannpháirtíocht phoiblí ina gné ghníomhach, e.g. preas agus cumarsáid, fáiltiú, Oifigí an Aire, Comhordú an Oireachtais, Oifig na nOibríochtaí Corparáideacha, etc. d'fhonn cainteoir líofa amháin ar a laghad a fhostú i ngach aonad amach anseo. Anuas air sin, déanfar gach iarracht an líon foirne sa Roinn atá inniúil sa Ghaeilge a choinneáil nó a mhéadú, más gá, le linn thréimhse na scéime seo, go príomha trí shainchomórtais arna reáchtáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tiocfaidh sé seo faoi réir bheartas earcaíochta ar bith na Roinne atá i bhfeidhm le linn thréimhse na scéime seo.

## Caibidil 6 - Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Is ar bhonn inmheánach agus ar bhonn seachtrach araon a phoibleofar ábhar na scéime seo, na gealltanais a thugtar inti agus na forálacha a dhéantar inti.

### Go hInmheánach

Foilseofar cóip den scéim ar chóras inlín na Roinne - HealthNet.

### Go Seachtrach

Cuirfear leagan dátheangach ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Soláthrófar cóip den scéim do na daoine aonair agus do na heagraíochtaí a chuir aighneacht i leith na scéime faoi bhráid na Roinne.

Cuirfear cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.